Coimisiún na Meán

# Treoirlínte d’Iarratasóirí: Conradh Soláthair Lánais Pobail

Dáta foilsithe:
Deireadh
Fómhair 2025

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **RÉAMHRÁ** | **5** |
| **2.** | **NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH** | **5** |
| **3.** | **FAISNÉIS d'IARRATASÓIRÍ** | **7** |
| **3.1** | **Creat Reachtúil agus Beartais** | **7** |
| **3.2** | **Meastóireacht ar Iarratais** | **7** |
| **3.3** | **Úinéireacht, Bainistíocht agus Rialachas** | **7** |
| **3.5** | **Clársceidealú** | **9** |
| **3.6** | **Cóid agus Rialacha, Comhlíonadh agus Monatóireacht** | **10** |
| **3.7** | **Oibríochtaí (Soláthar Foirne)** | **11** |
| **3.8** | **Plean Airgeadais agus Gnó** | **12** |
| **3.9** | **Bronnadh Conartha** | **12** |

Forchoimeádann Coimisiún na Meán ("an Coimisiún") an ceart chun aon chuid de na Treoirlínte maidir le Conradh Soláthair Lánais Pobail ("Treoirlínte") a leasú nó a shoiléiriú. Soláthraítear na Treoirlínte chun cuidiú le hiarratasóirí tuiscint a fháil ar na forálacha reachtúla agus ar na ceanglais nach mór a chomhlíonadh agus iarratas ar Chonradh Soláthair Lánais Pobail á chur isteach, de bhun alt 72 den Acht Craolacháin 2009.

Cuirfear aon leasuithe, soiléirithe nó faisnéis fhorlíontach ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.cnam.ie.

Ba cheart na ceisteanna uile maidir leis na Treoirlínte seo a chur le ríomhphost chuig licensing@cnam.ie.

Nó sa phost nó ar an nguthán:

**Coimisiún na Meán,**
**1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar**
**Shíol Bhroin,**
**Baile Átha Cliath 4, D04 NP20**

+353 1 6441200

| ACHOIMRE AR AN bPRÓISEAS |
|---|
| **AN tIARRATAS** |

Is éard atá i gceist leis an iarratas **Foirm Iarratais** agus **Doiciméadacht Éigeantach** a chur isteach.

Ní mór **PDF sínithe agus dátaithe** de d'Fhoirm Iarratais leis an **Doiciméadacht Éigeantach** riachtanach uile a chur mar ríomhphost amháin chuig licensing@cnam.ie. Ní mór an t-iarratas a chur isteach **trí mhí roimh an spriocdháta/an dáta tosaigh beartaithe** chun go mbeidh go leor ama ann chun an t-iarratas a phróiseáil, faisnéis fhorlíontach a chur isteach (má éilíonn an Coimisiún sin), agus caibidlíocht chonartha a thabhairt i gcrích go sásúil.

Tá sé **mar fhreagracht ar an iarratasóir a chinntiú go mbeidh an doiciméadacht uile a chuirtear isteach cruinn.** Is de réir rogha an Choimisiúin a bheidh sé cead a thabhairt leasuithe a dhéanamh ar iarratas a chuirtear isteach. Más gá, féadfaidh foireann an Choimisiúin iarraidh ar iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar.

**MEASÚNÚ**

**Céim a hAon** – Seiceálacha **Réamh-mheasúnaithe:**

- ✓ Chun a chinntiú go mbeidh **na ranna uile den iarratas curtha i gcrích, agus go mbeidh an Doiciméadacht Éigeantach faoi iamh.**

Mura dtéann an t-iarratas trí Chéim a hAon, cuirfear ar ais chuig an iarratasóir é. Má théann an t-iarratas thar Chéim a hAon, deimhneoidh foireann an Choimisiúin go bhfuarthas é, agus cuirfear an t-iarratas ar aghaidh chuig Céim a Dó.

**Céim a Dó – Measúnú Cáilíochtúil:**

- ✓ Leis sin déantar measúnú ar chomhlíonadh cheanglais alt 72 den Acht Craolacháin 2009.
- ✓ Leis sin déantar measúnú ar a mhéid atá an tseirbhís atá beartaithe i gcomhréir le cuspóirí bheartais ábhartha an Choimisiúin lena n-áirítear an *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin, an Beartas maidir le Rialú agus Úinéireacht, an Beartas um Meáin Phobail* agus *an Creat um Sochar Sóisialta*.

**CINNEADH**

**Cinneadh chun conradh a bhronnadh:**

- Cuirtear an t-iarratasóir ar an eolas faoi bhronnadh conartha i bprionsabal, faoi réir caibidlíocht chonartha a thabhairt chun críche go rathúil agus comhlíonadh aon choinníollacha eile a fhéadfaidh an Coimisiún a chur ag gabháil le bronnadh conartha.
- Má thugtar caibidlíocht chonartha chun críche go rathúil, eiseofar dhá chóip den chonradh chuig an iarratasóir lena síniú, lena séalú agus lena gcur ais chuig an gCoimisiún.
- Tar éis na conarthaí a fháil agus tar éis athbhreithniú deiridh a dhéanamh orthu, síníonn, séalaíonn agus dátaíonn an Coimisiún na conarthaí agus cuirtear ceann amháin díobh chuig an gconraitheoir.

**Cinneadh gan an conradh a bhronnadh**

Tabharfaidh an Coimisiún fógra, i scríbhinn, don iarratasóir faoina chinneadh agus faoi na cúiseanna leis an gcinneadh sin.

## 1. RÉAMHRÁ

Sna Treoirlínte seo, le "an Coimisiún" tagraítear don eagraíocht Coimisiún na Meán, agus le "an Coimisiún Cinnteoireachta" tagraítear d'orgán cinnteoireachta Choimisiún na Meán ina bhfuil Coimisiún ildaoine faoi stiúir cúigear Coimisinéirí; an Cathaoirleach Feidhmiúcháin agus Coimisinéirí a oibríonn i réimsí a bhaineann le Craoltóireacht agus Físeáin ar Éileamh, Forbairt na Meán, Seirbhísí Digiteacha agus Sábháilteacht ar Líne.

Leis na Treoirlínte seo tugtar sonraí maidir le nósanna imeachta an phróisis iarratais chun Conradh Soláthair Lánais Pobail a bhronnadh. Soláthraítear treoir d'iarratasóirí leo maidir le ceanglais an Achta Craolacháin 2009 ("Acht 2009"), sainaithnítear beartais ábhartha an Choimisiúin leo agus tugtar breac-chuntas iontu ar an bhfaisnéis atá le cur san áireamh in iarratas.

Le halt 72 d'Acht 2009 déantar foráil maidir le Conarthaí Soláthair Lánais Pobail a bhronnadh chun ábhar a sholáthar arb éard atá ann tiomsú bunábhair clár chun go dtarchuirfidh soláthraí líonra iomchuí é mar sheirbhís craolacháin. Le halt 72 ceanglaítear nach mór d'iarratasóir ar chonradh soláthair lánais pobail a bheith ionadaíoch agus cuntasach don phobal lena mbaineann, nach mór aghaidh a thabhairt le clársceidealú na seirbhíse beartaithe ar riachtanais an phobail, agus nach mór don tseirbhís oibriú ar bhonn seachbhrabúsach.

Ní ceart a mheas go bhfuil na Treoirlínte seo uileghabhálach. Ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha aird a thabhairt ar fhorálacha Acht 2009, go háirithe, alt 72 de. Ba cheart d'iarratasóirí aird a thabhairt freisin ar bheartais ghaolmhara an Choimisiúin: an *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin*, *an Beartas maidir le Rialú agus Úinéireacht*, *an Beartas um Meáin Phobail* agus *an Creat um Shochar Sóisialta*, agus ar na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach iontu agus iarratas á ullmhú. Tá na doiciméid sin ar fáil ach iad a iarraidh ar an gCoimisiún agus tá siad le fáil ar líne ar www.cnam.ie. Tá an Fhoireann Craoltóirí Cheadúnaithe sa Choimisiún ar fáil freisin le haghaidh comhairliúcháin má bhíonn aon cheisteanna ag iarratasóirí maidir le hábhar na dTreoirlínte nó le formáid an iarratais anseo. Ba cheart d'iarratasóirí aird ar leith a thabhairt ar na croíphrionsabail maidir le húinéireacht, ionadaíocht, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht an phobail, agus ar na sochair shóisialta níos leithne dá ndéantar soláthar leis na meáin phobail in Éirinn, mar a leagtar amach i *mBeartas um Meáin Phobail* agus *Creat um Shochar Sóisialta* an Choimisiúin.

## 2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH

Leis na hiarratais uile a chuirtear isteach ar Chonradh Soláthair Lánais Pobail, ní mór na ceanglais a leagtar amach i roinn 2.1 de na Treoirlínte a chomhlíonadh. Maidir le hiarratas nach gcomhlíonann na ceanglais sin, ní bhreithneofar é agus cuirfear ar ais chuig an iarratasóir é.

**2.1 Formáid:** Leis an iarratas, ní mór an fhormáid i roinn 4 de na Treoirlínte a leanúint go docht agus ní mór an fhaisnéis **uile** is gá a bheith ann.

a) Cur i Láthair: Ní mór an t-iarratas a chlóscríobh – in Arial nó Times New Roman, clómhéid 11, más féidir.

b) Iarratas: Féadfar an t-iarratas a chur isteach i nGaeilge nó i mBéarla.

c) Fíorú eolais: Ní mór an t-eolas uile a chuirtear isteach in iarratas a bheith fíor agus cruinn. Ní mór dearbhú ó dhuine údaraithe oiriúnach a áireamh i d'iarratas, ina sonraítear go bhfuil an

fhaisnéis atá san iarratas agus sa doiciméadacht bhreise a ghabhann leis an iarratas fíor agus ceart de réir mar is fearr is eol don duine sin agus mar a chreideann sé nó sí. I gcás inar ghá d'iarratasóir aon cheartuithe a dhéanamh ar an Iarratas nó ar na doiciméid a ghabhann leis, ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin láithreach. Ní cheadófar aon athruithe ábhartha tar éis an dáta deiridh shonraithe.

d) Foilsiú: Féadfar iarratais a chur ar fáil lena n-iniúchadh go poiblí ag oifigí an Choimisiúin agus ar a shuíomh gréasáin tar éis an dáta deiridh chun na hiarratais a chur isteach.

e) Dáta Dúnta: Ní mór an t-iarratas agus na cóipeanna uile a chur faoi bhráid an Choimisiúin trí mhí roimh an spriocdháta/an dáta tosaigh beartaithe.

f) Ábhar Rúnda: Ní mór eolas atá rúnda dar le hiarratasóir a chur i láthair in iarscríbhinn atá marcáilte go soiléir a ghabhann leis an iarratas. Ní mór cúiseanna an iarratasóra lena chreidiúint nár cheart don phobal rochtain a fháil ar an ábhar atá i gceist a leagan amach i litir chumhdaigh ar leith. Sa chás go gcreideann an Coimisiún gur cheart ábhar atá curtha in iarscríbhinn rúnda ag iarratasóir a chur ar fáil lena iniúchadh, pléifidh sé leis an iarratasóir é chun teacht ar chomhaontú maidir le méid an nochta. Mura féidir teacht ar chomhaontú laistigh de thréimhse réasúnta ama, ag féachaint d'achar ama an Choimisiúin, sa chás sin, measfaidh an Coimisiún an t-eolas ábhartha a bheith tarraingthe siar agus measfaidh sé gurb éard atá mar aighneacht an iarratasóra a mbeidh fágtha den iarratas.

g) Údaruithe: Beidh an t-iarratasóir freagrach as cibé údaruithe, tarscaoiltí agus/nó slánaíochtaí a sholáthar don Choimisiún a theastóidh uaidh le réasún i dtaca le hábhar atá ina iarratas nó ina hiarratas a nochtadh do dhaoine den phobal.

h) Comhaontú Comhoibrithe: ba cheart d'iarratasóirí a bheith ar an eolas freisin faoi théarmaí an Chomhaontaithe Comhoibrithe idir an Coimisiún agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ('CICT'), a tugadh i gcrích de dhroim fhorálacha Alt 34 de na hAchtanna Iomaíochta, 2002-2014.[1] Leis an gcomhaontú ceadaítear don Choimisiún faisnéis a nochtadh do CICT in imthosca áirithe.

i) Saoráil Faisnéise: Féadfar eolas a chur ar fáil don phobal maidir le hiarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an bpáirtí leasmhar faoi fhoilsiú aon eolais a láimhseáiltear leis mar eolas rúnda tráth a chuirtear iarratas isteach roimh aon chinneadh a dhéanamh maidir le haon iarraidh um Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

j) Cosaint Sonraí: Chun an próiseas iarratais seo a oibriú go héifeachtach agus chun measúnú a dhéanamh ar iarratais i gcomhréir leis na critéir reachtúla, éilímid sonraí pearsanta a bhaineann le príomhphointe teagmhála an iarratasóra (don iarratas seo) agus Bord Stiúrthóirí, comhaltas agus foireann an iarratasóra.

San fhaisnéis phearsanta sin áireofar teidil/tuairiscí ar phoist, seoltaí cónaithe, sonraí teagmhála agus tuarastail. Comhlíonfaidh an Coimisiún a chuid oibleagáidí faoin Treoir le haghaidh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin príobháideachais sonraí eile is infheidhme nuair atá aon eolas pearsanta den sórt sin a chuirtear isteach chuig an tionscnamh maoinithe seo á láimhseáil agus á phróiseáil. Úsáidfear an t-eolas a chuirtear isteach san iarratas, lena n-áirítear aon eolas pearsanta, chun an t-iarratas a phróiseáil agus le dul i gcomhairle leis an iarratasóir. Ní choinneofar aon sonraí pearsanta a chuirtear isteach ach amháin má bhíonn an t-iarratas rathúil. Tabharfar fógra don iarratasóir rathúil faoin tréimhse choinneála. Go ginearálta, beidh gá leis an bhfaisnéis sin ar feadh thréimhse an chonartha. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do gach faisnéis phearsanta a chuirtear isteach a chosaint. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an

[1] Tá cóip den Chomhaontú le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin

gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat níos mó a fhoghlaim faoi conas a phróiseálann an Coimisiún sonraí pearsanta i mbeartas foilsithe an Choimisiúin ag Ráiteas Príobháideachais – Coimisiún na Meán. **Níor cheart d'iarratasóirí sonraí pearsanta nár iarradh a chur san áireamh san iarratas.**

k) Comhaontuithe Tríú Páirtí: Tá aon chomhaontuithe idir an Coimisiún agus páirtithe leasmhara maidir le faisnéis rúnda agus/nó faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de gan dochar d'oibleagáidí an Choimisiúin faoin dlí, faoi Acht 2009 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ní féidir leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, a bharántas a thabhairt nach bhféadfaí faisnéis a éilíonn páirtí leasmhar a bheith rúnda, nó a láimhseáiltear mar fhaisnéis den sórt sin, a nochtadh de bhun an dlí.

## 3. FAISNÉIS d'IARRATASÓIRÍ

### 3.1 Creat Reachtúil agus Beartais

Leagtar amach i gCuid 6 d'Acht 2009 an creat reachtúil chun seirbhísí breise craolacháin teilifíse agus raidió a cheadúnú agus a rialú ar ardáin éagsúla. Ba cheart don iarratasóir aird a thabhairt ar fhorálacha alt 72 d'Acht 2009 agus ar dhoiciméid bheartais an Choimisiúin lena n-áirítear an *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin*, *an Beartas maidir le Rialú agus Úinéireacht*, *an Beartas um Meáin Phobail*, *an Creat um Shochar Sóisialta* agus *an Cód agus na Rialacha maidir le Seirbhísí Meán atá infheidhme maidir le Craoltóirí*. Tá coinne leis go soláthróidh an t-iarratasóir faisnéis leordhóthanach ina iarratas nó ina hiarratas chun a léiriú conas is féidir leis nó léi ceanglais agus cuspóirí Acht 2009, na mbeartas, agus na gcód agus na rialacha is infheidhme, a chomhlíonadh. Iarrann an Coimisiún ar iarratasóirí gealltanas a thabhairt ní hamháin go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais íosta ach go sáróidh siad iad freisin.

### 3.2 Meastóireacht ar Iarratais

Rinne an Coimisiún critéir mheasúnaithe na n-iarratas ar Chonarthaí Soláthair Lánais Pobail a ghrúpáil faoi shé cheannteideal, mar a áirítear san Fhoirm Iarratais mar a leanas: (1) Úinéireacht, Bainistíocht agus Rialachas; (2) an Pobal agus Sochar Sóisialta; (3) Clársceidealú; (4) Oibríochtaí (Soláthar Foirne); (5) Cóid, Rialacha, Comhlíonadh agus Monatóireacht; agus (6) Plean Airgeadais agus Gnó. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an iarratas bunaithe ar na ceannteidil sin.

### 3.3 Úinéireacht, Bainistíocht agus Rialachas

Le hAcht 2009, luaitear go bhféadfaidh Coimisiún na Meán conarthaí a dhéanamh le daoine de phobal atá "ionadaitheach, agus cuntasach, don phobal lena mbaineann" agus gurb é an t-aon chuspóir amháin nach mór a bheith ann "luaineacht airgid a bhaint amach nach mó ná an méid is gá le réasún chun na caiteachais a íoc" agus dá réir sin, mar a thagraítear dó i mBeartas um Meáin Phobail an Choimisiúin, ba cheart d'eagraíochtaí meán pobail a bheith faoi úinéireacht agus faoi rialú ag eintitis sheachbhrabúsacha. Ina theannta sin, tá béim ar fhorbairt an phobail agus luach an phobail ina gcomhpháirteanna ríthábhachtacha de mheáin an phobail. I gcás idéalach, d'fhreastail an pobal go cothrom ar rannpháirtithe ar gach leibhéal, tá an eagraíocht cuntasach don phobal agus tá an t-eintiteas faoi smacht daoine den phobal agus, dá bhrí sin, tá siad freagrach as. Tá an t-idirspleáchas idir oibriú meán pobail rathúil agus a struchtúir úinéireachta agus bhainistíochta ríthábhachtach freisin, lena n-áirítear beartais agus cleachtais rialachais láidre chun a chinntiú go soláthrófar sochar sóisialta.

Ní mór do chomhaltaí an iarratasóra, ar comhaltaí de phobal iad, a bheith ionadaíoch agus cuntasach don phobal lena mbaineann.[2] Ní mór seirbhís soláthair lánais pobail a bheith *“faoi úinéireacht agus faoi rialú ag eagraíocht sheachbhrabúsach arb amhlaidh lena struchtúr a dhéantar socrú do chomhaltas, bainistíocht agus oibriú agus clársceidealú arna stiúradh go príomha ag daoine den phobal”.*[3] Leis an bhfaisnéis a sholáthraítear sa roinn seo, ba cheart a léiriú go soiléir conas is amhlaidh le struchtúr úinéireachta agus rialaithe an iarratasóra a chomhlíonfar na ceanglais sin ar gach leibhéal d’oibriú na seirbhíse.

I ndáil le cur chuige an Iarratasóra maidir le húinéireacht, bainistíocht agus rialachas, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na táscairí Sochair Shóisialta a leagtar amach i gCreat um Shochar Sóisialta an Choimisiúin, agus tagairt dhíreach a dhéanamh dóibh i gcás inar féidir. Leis na táscairí Sochair Shóisialta a áirítear san iarratas, ba cheart an tsamhail S.M.A.R.T a leanúint agus ba cheart iad a bheith infhíoraithe agus intomhaiste mar phríomhtháscairí feidhmíochta ar feadh tréimhse ama shonrach. Tabhair faoi deara gurb iondúil go n-éileoidh an Coimisiún, roimh an gconradh a shíniú leis an iarratasóir rathúil, go ndéantar na gealltanais faoina dtugtar i leith struchtúr úinéireachta agus rialaithe an stáisiúin a chorprú i ndoiciméid chomhdhéanaimh an stáisiúin (mar shampla, Rialacha an Chomharchumainn nó an Meabhrán agus na hAirteagail Chomhlachais).

Cuirfear na critéir sin i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia,* faoin méid seo a leanas:

a) comhdhéanamh Orgán Feidhmiúcháin an iarratasóra;[4]
b) struchtúr beartaithe úinéireachta agus comhaltais an iarratasóra;
c) struchtúr bainistíochta beartaithe an iarratasóra; agus
d) an cuntas teiste má bhí conradh soláthair lánais pobail i seilbh an iarratasóra roimhe sin agus/nó má tá conradh den sórt sin ina sheilbh nó ina seilbh faoi láthair.

### 3.4 An Pobal agus Sochar Sóisialta

Ba cheart don iarratasóir a léiriú go dtabharfaidh an tseirbhís aghaidh ar leasanna an phobail, agus go soláthróidh sí sochar sóisialta dó, agus gur féidir léi doiciméadacht agus taighde tacaíochta a chur isteach. Ba cheart tagairt a dhéanamh do na doiciméid ábhartha uile agus an fhoinse, an t-údar/na húdair, an foilsitheoir agus bliain a bhfoilsithe a thabhairt le fios, i gcás inarb iomchuí.

Ceanglaítear le hAcht 2009 go soláthróidh na meáin phobail tairbhe shóisialach dá bpobail. Is é seo a leanas an sainmhíniú ar shochar sóisialta a áirítear i *gCreat um Shochar Sóisialta* an Choimisiúin, ar ar thángthas trí phróiseas comhairliúcháin:

> *“Tairbhí do dhaoine aonair nó do ghníomhairí coiteanna sa phobal a chuireann feabhas ar a saol go sóisialta, go cultúrtha nó ar bhonn eacnamaíoch, nó i dtéarmaí forbartha, cumhachtaithe agus/nó féinleasa, nach dtarlódh murach sin.”*

Sainaithnítear sé chineál tairbhe shóisialaigh a bhaineann leis na meáin phobail sa Chreat:

1. Fás ar mhuinín, cruthaitheacht, agus braistint muintearais do dhaoine aonair, go háirithe iad sin ó ghrúpaí mionlaigh agus imeallaithe.

---

2 Alt 72(2)(a) d’Acht 2009 arna leasú.
3 Beartas um Meáin Phobail Choimisiún na Meán.
5 AVMSD, Aithris 40

2. Feabhsaítear ionchais fostaíochta do dhaoine aonair trí fhorbairt scileanna rud lena neartaítear aitheantas pobail.
3. Feasacht a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc an phobail faoi cad atá ag tarlú timpeall a bpobail.
4. A chur ar chumas an phobail freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do shaincheisteanna áitiúla agus domhanda trí rochtain ar thuairimí éagsúla agus ar níos mó faisnéise agus ar fhaisnéis níos fearr.
5. Acmhainneacht na ngníomhairí comhchoiteanna a chumasú agus a atreisiú chun a gcuid spriocanna a bhaint amach.
6. Féiniúlacht agus comhtháthú an phobail a fheabhsú trí idirghníomhú agus gníomh comhchoiteann.

Tá modheolaíocht mhionsonraithe ag gabháil leis an gCreat ar féidir le heagraíochtaí meán pobail í a chur i bhfeidhm chun leibhéal agus cineál na dtairbhí sóisialta a chruthaítear a mheas. Úsáidfidh an Coimisiún coincheap na tairbhe sóisialta sin chun an luach a chruthaíonn agus a bheartaíonn an t-iarratasóir ina phobal a chinneadh.

Déanfar measúnú ar na critéir sin, *inter alia*, faoi na nithe seo a leanas:

a) Sainiú agus tuiscint an iarratasóra ar an bpobal ar a bhfreastalófar;
b) Tograí an iarratasóra lena chinntiú go bhfreastalóidh an tseirbhís ar leas an phobail agus go soláthróidh sí sochar sóisialta don phobal;
c) Tograí an iarratasóra do mheastóireacht agus feabhsú leanúnach ar pheirspictíocht an tsochair shóisialta arna soláthar ag an tseirbhís ar feadh théarma an chonartha.

### 3.5 Clársceidealú

I ngach Conradh Soláthair Lánais Pobail, áireofar Ráiteas Beartais Cláir ("RBC") nach mór don Chonraitheoir a chomhlíonadh. Le RBC déantar cur síos ar an gcineál seirbhíse atá beartaithe agus leagtar amach gealltanais chlársceidealúcháin chonarthacha agus reachtúla an chonraitheora. Feidhmeoidh sé mar shlat tomhais ar ina haghaidh a dhéanfar feidhmíocht an iarratasóra rathúil amach anseo a thomhas agus a mheasúnú agus, dá réir sin, beidh sé mar chuid, faoi réir tuilleadh caibidlíochta idir an Coimisiún agus an t-iarratasóir rathúil, den chonradh idir an Coimisiún agus an t-iarratasóir rathúil. Chun athruithe ábhartha a dhéanamh ar RBC, is gá réamhcheadú a fháil ón gCoimisiún. Is gá Sceideal Clár Táscach a chur san áireamh sa chonradh freisin.

Tá teimpléad RBC ag gabháil leis an bhFoirm Iarratais ag Aguisín 1.

Le clársceidealú ní mór forálacha ábhartha Acht 2009 agus cóid agus rialacha an Choimisiúin a chomhlíonadh. Déanfar na ranna ábhartha de *Bheartas um Meáin Phobail* agus *Creat um Shochar Sóisialta* an Choimisiúin a chur i bhfeidhm freisin agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, *inter alia*, faoin méid seo a leanas:

a) straitéis chlársceidealaithe bheartaithe an iarratasóra;

b) gealltanais chlársceidealúcháin bheartaithe an iarratasóra agus a mhéid a thugtar aghaidh le clársceidealú ar riachtanais, ionadaíocht, cumasú, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht an phobail trí chlársceidealú;

c) socruithe comhlíontachta beartaithe an iarratasóra chun comhlíonadh Chuid 3B d'Acht 2009 a chinntiú; agus

d) an cuntas teiste má bhí conradh soláthair lánais pobail i seilbh an iarratasóra roimhe sin agus/nó má tá conradh den sórt sin ina sheilbh nó ina seilbh faoi láthair.

## 3.6 Cóid agus Rialacha, Comhlíonadh agus Monatóireacht

### 3.6.1 Cóid agus Rialacha

Leis na Cóid agus na Rialacha, cumhdaítear réimse leathan ábhar, lena n-áirítear cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht i dtuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha, rialacha le haghaidh fógraíochta agus urraíochta, lucht féachana a chosaint ar ábhar díobhálach, agus é a chinntiú go mbeidh na seirbhísí meán atá á soláthar inrochtana don phobal. Is féidir teacht ar thuilleadh sonraí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin anseo.

### 3.6.2 An Cód Cleachtais maidir le Gearáin a Láimhseáil

Le Cuid 3B d'Acht 2009 leagtar amach an ceanglas atá ar chraoltóirí an Cód Cleachtas chun Gearáin a Láimhseáil a fhoilsiú agus a choinneáil. Leis sin, déantar cur síos freisin ar an bpróiseas a úsáideann an Coimisiún chun glacadh le gearáin agus cinneadh a dhéanamh maidir leo, ar gearáin iad ó dhaoine den phobal maidir le caighdeáin reachtúla nó rialála. Is féidir teacht ar thuilleadh sonraí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin anseo.

### 3.6.3 Saothair Eorpacha

De bhun Airteagal 16 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ("AVMSD"), tá oibleagáid ar na craoltóirí teilifíse uile cion móraimh dá n-am tarchuir a chur i leataobh, i gcás inar féidir agus trí mhodhanna iomchuí, do shaothair Eorpacha, seachas an t-am tarchuir a shanntar don nuacht, imeachtaí spóirt, cluichí, fógraíocht agus teilishiopadóireacht. Déanfar cionroinnt an ama tarchuir sin ag féachaint do fhreagrachtaí faisnéiseacha, cultúrtha agus siamsaíochta an Chonraitheora i leith a phobail féachana agus bainfear amach í de réir a chéile, ar bhonn critéir oiriúnacha.

Mar sin féin, ní chuirfear an oibleagáid faoi AVMSD i bhfeidhm maidir le conarthaí le haghaidh na seirbhísí seo a leanas:

- Seirbhísí teilifíse atá beartaithe do lucht féachana áitiúil agus nach bhfuil mar chuid de líonra náisiúnta; agus
- Seirbhísí teilifíse atá dírithe go heisiach ar spórt, nuacht, cluichí, teilishiopadóireacht nó cur chun cinn.

Chun a chinntiú gurb amhlaidh leis na hoibleagáidí a bhaineann le cur chun cinn saothar Eorpach nach mbainfear an bonn ó fhorbairt an mhargaidh agus chun go bhféadfaidh gníomhaithe nua teacht isteach sa mhargadh, níor cheart do sholáthraithe nach bhfuil láithreacht shuntasach acu ar an margadh a bheith faoi réir ceanglais maidir le Saothair Eorpacha; mar is amhlaidh atá go háirithe i gcás soláthraithe ag a bhfuil láimhdeachas íseal nó lucht féachana íseal agus, freisin, i bhfianaise cineál nó téama seirbhísí meán closamhairc áirithe, i gcás ina mbeadh ceanglais dofheidhmithe nó gan údar.[5]

De bhun alt 159I d'Acht 2009, is féidir leis an gCoimisiún Cinnteoireachta rialacha a dhéanamh i gcás ina bhfuil seirbhísí meán closamhairc áirithe díolmhaithe ó cheanglais maidir le Saothair Eorpacha i gcás ina bhfuil cláir "ag déileáil le hábhar cúng ar féidir nach mbeidh sé chun leas ginearálta lucht féachana."

---

[5] AVMSD, Aithris 40

Internal Restricted

### 3.6.4 Tobhach maidir le Saothair Eorpacha

Le Cuid 10A den Acht Craolacháin 2009 foráiltear go bhféadfaidh an Coimisiún, chun Scéim Saothar Eorpach a mhaoiniú, ordú tobhaigh breise a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse meán chun tacú le saothair Eorpacha a léiriú.

Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe dá bhféadfaí difear a dhéanamh sula mbunófar aon Tobhach Saothar Eorpach féideartha.

### 3.6.5 Léiritheoirí Neamhspleácha

Le hAirteagal 17 de AVMSD, foráiltear nach mór do chraoltóirí teilifíse, i gcás inar féidir agus ar mhodhanna iomchuí, 10% ar a laghad dá gcuid ama tarchuir a chur i leataobh, nó de rogha air sin, 10% ar a laghad dá mbuiséad clársceidealúcháin a chur i leataobh do shaothair Eorpacha arna gcruthú ag léiritheoirí atá neamhspleách ar chraoltóirí teilifíse.

Faoi shainmhíniú 71, le AVMSD foráiltear agus “sainmhíniú á thabhairt ar léiritheoirí atá neamhspleách ar chraoltóirí” dá dtagraítear in Airteagal 17 de AVMSD, gur cheart do na Ballstáit critéir amhail na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

- Úinéireacht na cuideachta léiriúcháin,
- An méid clár a sholáthraítear don chraoltóir céanna, agus
- Úinéireacht ceart tánaisteach.

### 3.6.6 Critéir an Mheasúnaithe

Déanfar measúnú ar na critéir faoin gceannteideal Cóid agus Rialacha, Comhlíonadh agus Monatóireacht, *inter alia,* sna réimsí seo a leanas:

- leasanna leanaí a chosaint.
- comhlíonadh fhorálacha Acht 2009, reachtaíochta eile, choinníollacha an chonartha, Cód agus Rialacha maidir le Seirbhísí Meán.
- Córais TFC chun ábhar cláir a thaifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh air.
- Cód Cleachtais chun gearáin a láimhseáil.
- Ceanglais maidir le Saothair Eorpacha, mar is infheidhme.

## 3.7 Oibríochtaí (Soláthar Foirne)

Measann an Coimisiún go bhfuil gá le leordhóthanacht na n-acmhainní soláthair foirne agus rannpháirtíocht an phobail i ngach gné d’oibriú na seirbhíse pobail chun inbhuanaitheacht mheáin an phobail a chinntiú.

I gcomhar leis na ranna ábhartha de *Bheartas um Meáin Phobail* an Choimisiúin, cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí soláthair foirne[6] an iarratasóra:

a) an struchtúr soláthair foirne atá beartaithe agus na réimsí ina n-oibreoidh sí;

b) beartais foirne an iarratasóra;

---

[6] Le struchtúr soláthair foirne an iarratasóra áirítear foireann íoctha agus oibrithe deonacha araon. [7] Tá Cóid agus Rialacha an Choimisiúin le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin maidir leis an méid seo a leanas: Caighdeáin Clár; Cothroime, Neamhchlaontacht agus Oibiachtúlacht sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha; Tuairisciú Gearr Nuachta; Cumarsáid Tráchtála Ghinearálta; Cumarsáid Tráchtála Leanaí; Fógraíocht, Teilishiopadóireacht, Sláine Comhartha agus Faisnéis; agus Rialacha Rochtana do Chraoltóirí Teilifíse.



Internal Restricted

c) an cuntas teiste má bhí conradh soláthair ábhair Phobail i seilbh an iarratasóra roimhe sin agus/nó má tá conradh den sórt sin ina sheilbh nó ina seilbh faoi láthair.

## 3.8 Plean Airgeadais agus Gnó

I gcomhar leis na ranna ábhartha de *Bheartas um Meáin Phobail* an Choimisiúin, cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra:

a) an straitéis fhoriomlán airgeadais;

b) tograí infheistíochta an iarratasóra;

c) foinsí maoinithe agus caiteachais;

d) réamh-mheastacháin airgeadais an iarratasóra;

e) na straitéisí atá le cur i bhfeidhm chun na réamh-mheastacháin a bhaint amach;

f) tograí an iarratasóra chun a chinntiú go mbeidh struchtúr maoinithe na seirbhíse i gcomhréir lena ceanglas
chun bheith féinmhaoinithe agus seachbhrabúsach; agus

g) an cuntas teiste má bhí conradh soláthair ábhair phobail i seilbh an iarratasóra roimhe sin agus/nó má tá conradh den sórt sin ina sheilbh nó ina seilbh faoi láthair.

## 3.9 Bronnadh Conartha

Éileoidh an Coimisiún ar an iarratasóir rathúil téarmaí agus coinníollacha mionsonraithe a chomhaontú lena n-áireamh sa chonradh. Cinnfidh an Coimisiún na téarmaí agus na coinníollacha iomchuí ag féachaint do na forálacha reachtacha agus do na gealltanais agus do na huiríll a dhéantar san iarratas agus do na ceanglais reachtúla. I gcás ina mainneoidh iarratasóir rathúil aon téarmaí nó coinníollacha a lorgaíonn an Coimisiún a chomhaontú nó a chomhlíonadh laistigh d'achar ama réasúnta den sórt sin mar a shonraítear, forchoimeádann an Coimisiún an ceart aige féin gan conradh a dhéanamh.

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go gcinnfear ábhar na Sceideal a ghabhann leis an gconradh den chuid is mó de réir an eolais, na ngealltanas agus na dtograí atá san iarratas rathúil. Dá réir sin, is iondúil go ndéantar na sonraí maidir le struchtúr úinéireachta agus rialaithe an iarratasóra, leis na gealltanais chlársceidealúcháin agus leis an sceideal clár táscach a thrasuí ón iarratasóir rathúil.

### 3.9.1 Fad an Chonartha

I gcoitinne, comhaontaítear Conradh Soláthair Lánais Pobail ar feadh **tréimhse íosta 5 bliana** suas le **tréimhse uasta 10 mbliana**.

### 3.9.2 Coinníollacha Conarthacha

I gcomhréir le hAcht 2009, áireofar na coinníollacha seo a leanas i gConradh Soláthair Lánais Pobail:-

i. Coinníoll lena gceanglaítear ar an gconraitheoir suim airgid a íoc, arna iarraidh sin don Choimisiún, i leith mainneachtain ón gconraitheoir téarma nó coinníoll áirithe den chonradh a chomhlíonadh. Sonrófar an méid



Internal Restricted

uasta atá le híoc faoi aon chonradh, agus ceanglaítear ar an gconraitheoir iarraidh ar íocaíocht ón gCoimisiún a chomhlíonadh.

ii. Coinníoll lena gceanglaítear ar an gconraitheoir aon chóid maidir le seirbhísí meán nó rialacha maidir le seirbhísí meán a chomhlíonadh [7] i leith an bhunábhair clár agus na cumarsáide tráchtála a sholáthraítear de bhun an chonartha.

iii. Coinníoll lena gceanglaítear ar an gconraitheoir a chinntiú go gcraolfar an nuacht ar bhealach oibiachtúil agus neamhchlaonta agus gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a bheith á gcur in iúl aige nó aici.

iv. Coinníoll lena gceanglaítear ar an gconraitheoir a chinntiú go mbeidh an bealach a chraolfar cúrsaí reatha cothrom do na leasanna uile lena mbaineann agus go gcuirfear an t-ábhar craolta i láthair ar bhealach oibiachtúil agus neamhchlaonta agus gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a bheith á gcur in iúl aige nó aici.

v. Coinníoll lena gceanglaítear ar an gconraitheoir a chinntiú go ndéanfar an bealach a chraolfar aon togra beartais maidir le craoltóireacht, ar ábhar conspóide poiblí nó díospóireachta poiblí é agus ar a bhfuil an Rialtas nó an tAire ag déanamh breithniú, a thuairisciú agus a chur i láthair ar bhealach oibiachtúil agus neamhchlaonta.

vi. Coinníoll lena gceanglaítear ar an gconraitheoir a chinntiú maidir le haon ní a bhféadfaí a mheas le réasún gur ní é is cúis le díobháil nó cion míchuí a dhéanamh, nó gur dóigh dó coireacht a chur chun cinn nó a ghríosú nó, gur de ghné é a dhéanfadh dochar d'údarás an Stáit, nach gcraolfaidh an craoltóir é.

vii. Coinníoll lena gceanglaítear ar an gconraitheoir a chinntiú maidir le haon ní a bhféadfaí a mheas le réasún gur iompar é a thagann faoi Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac nó gur dóigh dó foréigean nó fuath in aghaidh grúpaí daoine a chur chun cinn nó a ghríosú, bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, nach gcraolann an craoltóir é.

viii. Coinníoll lena gceanglaítear ar an gconraitheoir a chinntiú gurb amhlaidh i gcláir a gcraolann an craoltóir iad, agus sna modhanna a úsáidtear chun na cláir sin a dhéanamh, nach ndéanfar cúngú míréasúnach ar phríobháideachas aon duine aonair.

ix. Coinníoll lena gceanglaítear ar an gconraitheoir gan fógra atá dírithe ar chuspóir polaitíochta nó ag a bhfuil aon bhaint le díospóid tionscail a chraoladh.

---

[7] Tá Cóid agus Rialacha an Choimisiúin le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin maidir leis an méid seo a leanas: Caighdeáin Clár; Cothroime, Neamhchlaontacht agus Oibiachtúlacht sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha; Tuairisciú Gearr Nuachta; Cumarsáid Tráchtála Ghinearálta; Cumarsáid Tráchtála Leanaí; Fógraíocht, Teilishiopadóireacht, Sláine Comhartha agus Faisnéis; Rialacha Rochtana do Chraoltóirí Teilifíse.

x. Coinníoll lena gceanglaítear ar an gconraitheoir gan fógra a chraoladh lena dtugtar aghaidh ar an tsaincheist a bhaineann leis an tuillteanas nó le bheith ag cloí ar shlí eile le haon chreideamh reiligiúnach nó creidiúint nó, le bheith ag teacht chun bheith ina bhall nó ina ball d'aon reiligiún nó eagraíocht reiligiúnach.

xi. Coinníoll inarb amhlaidh, i gcás aon chuid den bhunábhar clár arna soláthar ag an gconraitheoir de bhun an chonartha (i) atá aon ní inti dá dtagraítear in alt 46J(1)(c) nó (d) d'Acht 2009, (ii) atá aon ní inti lena bhféadfar díobháil a dhéanamh d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí agus nach gcuirtear i láthair ar bhealach a fhágann nach gnách go bhfeicfidh nó go gcloisfidh leanaí í, nó (iii) atá ina gríosú chun cion a dhéanamh, a fhéadfaidh an Coimisiún, nó, má tharla soláthar bunábhair clár den sórt sin laistigh de 6 mhí ó sholáthar den sórt sin a bheith tarlaithe roimhe sin leis an gconraitheoir céanna, a dhéanfaidh an Coimisiún an Conradh Soláthair Lánais a fhoirceannadh.

xii. Coinníoll lena gcumasaítear agus/nó lena gceanglaítear ar an gCoimisiún ar shlí eile an Conradh Soláthair Lánais Pobail a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh i gcás ina sáraíonn an bunábhar clár a sholáthraítear oibleagáid reachtúil agus/nó in imthosca sonraithe eile.

Ní ceart a mheas gur liosta uileghabhálach é an liosta seo de na coinníollacha a fhéadfar a áireamh sa Chonradh Soláthair Lánais Pobail.

Forchoimeádann an Coimisiún an ceart gan Conradh Soláthair Lánais Pobail a dhéanamh má tharlaíonn athruithe ábhartha lena ndéantar difear do chineál nó saintréithe an iarratasóra rathúil nó sna daoine a bhfuil smacht nó leas acu sa chonradh soláthair lánais, i gcás inar féidir go ndearnadh difear leis na hathruithe sin don chinneadh chun an conradh soláthar lánais a bhronnadh dá mba rud é gur tharla na hathruithe sin sula ndearnadh an bronnadh.

Internal Restricted

1 Foirgnimh Shíol

Bhroin, Bóthar Shíol

Bhroin, Baile Átha

Cliath 4

D04 NP20

Éire

Teileafón: 01 644 1200

Ríomhphost:
info@cnam.ie
Suíomh gréasáin:
www.cnam.ie



Internal Restricted